CRUINNIÚ DOMHANDA NA DTEAGHLACH 2018
ÍOCÓN AN TEAGHLAIGH NAOFA

Míniú agus Machnaimh ar an Íocón

Íocón an Teaghlaigh Naofa © Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018

Cad is Íocón ann?

Tagann an focal "íocón" chugainn ón bhfocal Gréigeach ar "íomhá". Tá intinn éagsúil ar fad ag an íocón leis na híomhánna as cuimse atá ár bplúchadh gach lá. Níl íocón cosúil le grianghraf, agus ní portráid é. Is íomhá é a thugann cuireadh dúinn chun urnaí. Ar nós na Soiscéal, ach ar bhealach físiúil, cuidíonn sé lena chur in iúl dúinn cén gaol a theastaíonn ó Dhia a bheith aige linn.

Mar a scríobh an Patrarc Parthalón ón Eaglais Cheartchreidmheach Gréigeach:
"Ní pictiúr cráifeach amháin é íocón – agus de réir a shainmhíniú, ní réad cráifeach é. Go deimhin is ábhar é lena ina dtéann an breathnóir, an t-adhraitheoir, isteach in agallamh gan focail tré chéadfadh an radhairc. Don Chríostaí Ceartchreidmheach, is gníomh comaoine leis an duine atá léirithe san íocón é a theagmháil leis an íocón".

Conas a Cruthaítear é?

Go traidisiúnta úsáideann íocóin adhmad stálaithe mar bhunús. Mhúnlaigh Specialist Joinery Group, comhlucht lonnaithe i nDoire, an cófra adhmaid agus an bun dár n-Íocón den Teaghlach Naofa. Clúdaíodh é seo ansin le roint mhaith sraitheanna *gesso*, a fheidhmíonn mar fhochóta, á phrímeáil leis an phéint a ghlacadh go maith.

Tugtar "tempera" ar an saghas péint a úsáidtear, teicníc ársa, ina gceanglaítear na dathlíthe le chéile le buíocán uibhe agus uisce. Tá cáilíochtaí éagsúla ar fad aige seo seachas péint ola nó aicrileach. Caithfear na dathanna a leathadh go h-anfhoighneach, ag tógáil ó dhathanna dorcha go dathanna geala, agus is minic go dteastaíonn cuid mhór sraitheanna de bhuillí haitseáilte leagtha go dlúth ar mhullach a chéile.

Cé Scríobh é?

Deirtear go "scríobhtar"íocóin agus nach "bpéinteáiltear" iad, mar go gcuireann siad insint fhísiúil ós ár gcomhair. Scríobh an t-íocónagrafaí Mihai Cucu, a thaganna ón Rómáin, an t-íocón seo den Teaghlach Naofa, a coimisiúnadh do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018 atá á óstáil in Éirinn. Chuidigh Siúracha Slánatheoracha Mhainistir Naomh Alphonsus, Bóthar Í, Baile Átha Cliath leis. Fíor shaothar de urnaí agus de ghrá a bhí ann.

Neachanna Claochlaíthe

Nuair atá an scríobhnóir íocóin ag péinteáil daoine tosnaíonn sé/sí a dton craicinn le bun-dath glas-donn ithreach, ar a dtugtar Proplasma (ag cur i gcuimhne dúinn go bhfuilimíd daonna – de dheannach cré). Ansin deineann siad mar a dheineann Dia dúinn – cuireann siad solas leis.

Rinne an t-íocónagrafaí, Mihai Cucu na sceitsí seo ar chúis léirithe le tuairim a thabhairt de bhundath cré seo craiceann an duine agus an solas a chur leis de réir a chéile.

Ag cur an Chéad Solais leis

Ag cur an Dara Solais leis *Ag cur an tríú solais leis, agus mar sin ar aghaidh*

Cuireann Diagairí na nEaglaisí CeartChreidmheacha i gcuimhne dúinn nuair a labhrann Dia, mar a scríobhtar i Leabhar Genesis caibideal 1, agus nuair a deir sé "Bíodh solas ann" i bhéarsa 3, deineann Dia é seo sula gcruthaíonn Sé solas fisiciúil na gréine, na gealaí agus na réalt (bhéarsaí 14 agus ar aghhaidh). Is féidir é seo a thuiscint mar Dia ag cur solas glórmhar loinnir an ghrá in iúl dúinn, solas atá ag lonnradh as aghaidh Chríost. Mar a léimíd sa dara litir ó Naomh Pól chuig na Coirintigh: "Mar is É an Dia adúirt 'Lonraíódh solas as dorchadas' a lonraigh inár gcroíthe chun solas an eolais fá ghlóir Dé in aghaidh Íosa Críost a thabhairt" [2 Coir 4:6].

Mar sin is feidir linn teacht ar an tuiscint gur neachanna claochlaithe iad na daoine naofa atá á gcur ós ár gcomhair in íocóin, daoine lonrach leis an solas a thagann ó Dhia. Is minic a taispeántar na daoine naofa seo le naomhluain, ar dhath an óir le fírinní neamhaí a chur i gcuimhne dúinn. Is féidir lena ndreach féachaint aisteach dúinn. Féachann sé go bhfuil boilsc ar a muinéil (mar chomhartha go bhfuil siad lán le hanáil Dé, an Spiorad Naoimh). Uaireanta bionn súile móra acu agus béil bheaga. Ní bhíonn meangadh ar a naighthe ach bíonn aoibh orthu go bhfuil siad ag éisteacht go géar linn.

Cad a Thaispeánann an t-Íocón seo?

Agus muid ag machnamh ar cad a ba chóir a chur ar íocón a bhéadh oiriúnach do Chruinniú Domhnda na dTeaghlach dhíríomar ár smaointe láithreach ar an Teaghlach Naofa, Íosa, Muire agus Iósaf agus freisin ar na sleachta as na Soiscéil ina bhfeicimíd an doimhin-chomhbhá agus an cúram a bhí ag Íosa don phósadh agus dóibh siúd atá maireachtáil le hualaigh shaol an teaghlaigh.

Tarraingíodh muid chuig íomhá den Teaghlach Naofa ag bord, ag roint béile agus ag roint a gcreidimh, mar a luaitear sa Soiscéal de réir Lucáis caibideal 2. Sliocht as an Soiscéal a léiríonn go soiléir an cúram atá ag Dia don phósadh is ea an cur síos ar Bhainis Chána sa dara caibideal den Soiscéal de réir Eoin. Agus ar deireadh an sliocht eile a tháinig chun cuimhne ná tógáil iníon Iarais mar a léitear i gcaibideal 5 den Soiscéal de réir Mharcuis. Feicimíd ansin freagra Íosa ar chlann le leanbh breoite agus mar a thug sé aird ar phríobháideachas an teaghlaigh sin i lár suaitheadh mothúchán nuair a tháinig sé go nóiméad an leighis.

Mar sin, leis an trí insint seo, dearaíodh an t-íocon i bhfoirm triptice atá cosúil ar bhealach, ón taobh amuigh, le teach le doirse tosaigh. Ar na doirse seo taobh amuigh, léirítear na hArdaingil Micheál (ar chlé) agus Gabriel (ar dheis). Ag bun tá an inscríbhinn "AMORIS LAETITIA" 'Lúcháir an Ghrá', tideal aitheasc iar-Shionadach

an Phápa Proinsias ar ghrá san teaghlach, foinse ár machnamh i rith Chruinniú Domhanda na dTeaghlach 2018.

Na hArdaingil Micheal agus Gabriel

"Nach spioraid sa seirbhís diaga iad na haingil go léir, a cuireadh le seirbhís a thabhairt ar mhaithe leo siúd atá le slánú a fháil le huacht?" [Eabhraigh 1:14].

Tá an bheirt Seirbhíseach Diaga seo gléasta go hiontach, mar gur scáil iad de áilleacht Dé. Mar a léimíd ins an Scrioptúir, is créatuír a bhfuil sciatháin orthu na haingil [cf. Eaxodus 25, Eizicéil caibideal 1, Iseáia 6]. Ní neacha gan athrú iad. Tá siad le feiceáil i ngluaiseacht maorga, ag breith leo dinimiceas grá Dé. Iompraíonn siad araon bachaill de chumhacht Dé agus cruinneog ar a bhfuil giorrucháin d'ainm Chríost i nGréigis scríobhtha (IC XC Íosa Críost) mar is é Íosa an Focal a labhrann Dia linn.

Tá clóca crithlonrach ar Mhicheál, a gciallaíonn a ainm 'atá cosúil le Dia'. Tá Gabriel gléasta in éide glas – dath a samhlaitear leis an Spiorad Naoimh, gurab é, mar a chloisimíd sa Chré, "an Tiarna, bronntóir na beatha". Is cuí go bhfuil na haingil ar an taobh amuigh den íocón mar go dtugann siad leo mian Dé cosaint a thabhairt.

Mar a léimíd in Eaxodus caibidéal 23:20-21: "Táim chun aingeal a chur romhat, chun tú a chosaint ar an slí agus chun tú a thabhairt go dtí an áita d'ullmhaigh mé. Bí aireach agus éist lena ghuth … mar tá m'ainm ann".

Tá a gcinn cromtha in adhradh agus i seirbhís do Dhia, an tAon Naofa. Ina ngruaig catach tá ribíní – atá roint cosúil le 'haeróga' ag glacadh leidí ó Dhia.

CAD TÁ TAOBH ISTIGH?

Nuair a osclaítear na doirse feicimí sa lár an **Teaghlach Naofa, Íosa, Muire agus Iósaf.** Ar dhá thaobh díobh tá an dá scéal sin as na Soiscéil: **Tógáil iníon Iairais agus Féile Bainse Chána.**

Cabhróidh sé le tuiscint níos fearr a fháil ar an íocón na sleachta as an Soiscéal a spreag iad a léamh. Tosnaímis leis an chuid sin de Shoiscéal Lucáis a chuireann síos ar óige Íosa.

ÓIGE ÍOSA

Soiscéal Lucáis 2:39-51

39 Nuair a bhí gach ní curtha i gcrích acu de réir dhlí an Tiarna, d'fhill siad ar an nGailíl, go dtí a gcathair féin Nazarat. 40Agus d'fhás an leanbh agus neartaigh, é lán d'eagna; agus bhí grásta Dé ina luí air. 41Théadh a thuismitheoirí gach bliain go hIarúsailéim i gcóir féile na Cásca. 42 Agus nuair a bhí sé dhá bhliain déag, chuaigh siad suas de réir ghnás na féile. 43 Nuair a bhí na laethanta caite acu, agus iad ag filleadh, d'fhan an buachaill Íosa in Iarúsailéim ina ndiaidh, gan fhios dá thuismitheoirí. 44 Shíl siad gur ar an gcomplacht a bhí sé, agus ar theacht dóibh siúl aon lae, bhí siad á lorg i measc a ngaolta agus a lucht aitheantais. 45 Nuair nach bhfuair siad é, chuaigh siad ar ais go Iarúsailéim á lorg. 46 I gcionn trí lá fuair siad sa Teampall é ina shuí i measc na máistrí ag éisteacht leo agus ag cur ceisteanna chucu. 47Agus bhí alltacht ar chách a bhí ag éisteacht leis mar gheall ar a thuiscint agus ar a fhreagraí. 48 Nuair a chonaic a thuismitheoirí é, ghabh iontas iad, agus dúirt a mháthair leis: "A mhic, cad chuige a ndearna tú é seo orainn? Féach, bhí d'athair agus mé féin do do lorg go cráite." 49 Dúirt sé leo: "Cad chuige a mbeadh sibh do mo lorg? Nach raibh a fhios agaibh gur i dteach m'Athar nárbh fholáir dom bheith?" 50 Ach níor thuig siad an focal a labhair sé leo. 51 Ansin chuaigh sé síos in éineacht leo agus tháinig go Nazarat, agus bhí sé faoina smacht. Agus thaiscigh a mháthair go dílis na nithe seo uile ina croí.

Feicimíd an Teaghlach Naofa, Íosa, Muire agus Iósaf, suite chun boird, ag ithe béile le chéile. Ag féachaint an aráin gan láibhín, na lusanna searbha agus raidisí agus an cupán fíona ar an mbord ós a gcomhair is féidir linn glacadh leis go bhfuil siad ag ceiliúradh béile Fhéile Iúdach na Cásca le chéile. "Gach bliain", deir an Soiscéal linn, chuaigh an Teaghlach Naofa ar oilithreacht go hIarúsailéim d'fhéile mhór Cásca na nIúdach, ag ceiliúradh mar a chonaic Dia fulaingt a dhaoine agus gur ghníomhaigh sé le iad a scaoileadh saor. Ceiliúradh a gcreideamh ina mbaile. Cuimhníodh ar a ndóchas i nDia ag an mbord. Is inár mbaile a cuirtear fírinne Dia-linn in iúl agus ina gcuirtear ar aghaidh go dtí na glúinte atá le teacht í. B'fhéidir gur cuimhin libh 'altú roimh bia' á rá i bhur mbailte féin freisin?

Ar chlé feicimíd Muire. Féach ar dhathanna a cuid éadaigh. Tá a fo-ghúna gorm, dath ár ndaonnachta, mar go bhfuil cónaí orainn sa mhirlín mór gorm seo, an chruinne, agus go bhféachaimíd suas ar ghorm na spéire

Tá sí gléasta i ngúna dearg, dath fola, dath na beatha. In íócóin seasann sé do dhath na Diagachta, do bheatha Dé. Cuimhnímíd mar a dúirt an tAingeal Gabriel le Muire go ngléasfaí i gcumhacht Dé í. "Tuirlingeoidh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort [Lucás 1:35]. Go minic feicimíd Críost mar dhuine fásta agus na dathanna céanna seo air ach iad ina mhalairt d'ord. Feicimíd roint réalta stílithe ar a cuid éadaigh taobh amuigh, siombail dá maighdeanacht roimh agus i ndiaidh di Íosa a bhreith, rud a chuireann i gcuimhne dúinn, mar a deir an Cré linn: is fíor-Dhia agus fíor-dhuine É Críost, a rugadh ón Spiorad Naoimh agus ó Mhuire.

Tabhair fá deara go bhfuil a lámh go tnúthánach suas lena haghaidh. Is 'sliocht' é seo ón íócón 'A Bhaintiarna maolaigh mo bhrón'. Tá sé ag iarraidh a chur in iúl dúinn mar atá eolas ag Muire, ár Máthair, ar an chrá croí, an imní agus na trialacha a fhulaingíonn na tuismitheoirí go léir lena bpáistí. Mar ár Máthair glacann sí ár dtrialacha faoina cúram féin. Lena láimh eile, is Theotokos í Muire freisin – ár dtreorú agus ag taispeáint an bhealaigh chuig Íosa, a Mac, dúinn.

Ar dheis tá Naomh Iósaf, a fear céile, le feiceáil. In íocóin de Thoirbhirt Íosa sa Teampall, léirítear É ag toirbheart agus ag breith ina lámha ar phéire fearán nó ar dhá cholúr óga, ofráil na mbochtán mar bhuíochas do Dhia. Anseo, ina áit sin, taispeánann sé an ofráil atá le tabhairt mar bhuíochas do Dhia an tAthair: Íosa, "Uan Dé". [cf Eoin 1:36]. Mar sin ní gá dúinn uan Cháisc na nIúdach a fheiceáil ar an mbord teaghlaigh seo mar tá an fíor-Uan ansin ós ár gcomhair. [cf. 1 Coirintigh 5:7].

'Sé an chiall is féidir a bhaint as comhartha láimhe Iósaif ná bheith ag ligint le hÍosa imeacht. Is macalla é seo ar fhreagracht agus cruachás gach tuismitheora, ag iarraidh a leanbh a chothú agus a chosaint agus ag an am céanna iad a ligint saor le bheith chomh maith agus is féidir leo a bheith i súile Dé.

Tá Muire agus Iósaf araon casta i dtreo Íosa agus ag umhlú dó – taispeántar Íosa ina bhuachaill dhá bhliain déag d'aois. Timpeallaíonn siad lena ngrá agus lena gcúram é, ach ní phlúchann siad é. Tugann siad araon spás dó le gurab é féin go fíor é.

Tá clár éadain ard ag an mbuachaill Íosa– comhartha go bhfuil sé lán Eagna. Tá a mhuinéal beagán boilscthe, líonta leis an Anáil Diaga, an Spiorad Naoimh. Deirtear go bhféachann sé in íocóin go bhfuil dhá thaobh ar aghaidh Íosa – ar an taobh chlé bíonn a ghnúis níos boige, beagnach ag meangadh le séimhe; ar an taobh dheis bíonn cuma nios crua air. 'Sé Íosa ár Slánaitheoir comhbhách agus ár mBreitheamh.

Féach ar naomhluan Íosa. Níl sé cosúil leis an cheann atá ar Mhuire nó Iósaf nó ar na haingil. Tá trí bhanda air, ionas go bhfuil cosúlacht croise air. Is comhartha é seo, ámh, go bhfuil naofacht duine de Phearsana na Trionóide ag Íosa. Sa naomhluan feictear litreacha Gréigise: giorrúchán ar "Is mé an té atá ann", Ainm Naofa Dé mar a taispeánadh do Mhaois in Eaxodus 3:14

Tá an buachaill Íosa gléasta in éadach le patrún traidisiúnta Iúdach air agus dath lonrach oráiste, dath a bhaineann le léirithe den Chríos Aiseirithe. Síos thar a ghualainn dheis tá sais ríogúil. Tá a lámh dheas tógtha i mbeannacht; deineann a mhéara fiú crot na litreacha Gréigeacha IC agus XC, giorrúcháin ar a ainm féin: Íosa Críost. Tá dhá mhéir ardaithe le cur i gcuimhne dúinn go maireann dhá nadúr le chéile ann, in Íosa is aon iad Dia agus daonnacht. Tá na trí mhéar eile beagnach ceangailte le chéile, ag cur na Trionóide i gcuimhne dúinn.

Ina láimh chlé tá greim aige ar scrolla. Is é féin an Focal a labhrann Dia an tAthair linn. Labhrann Íosa na focail linn a ghlaonn chun beatha sinn. Ar an scrolla tá sliocht as Soiscéal Lucáis: an teachtaireacht ón aingeal do na haoirí bochta ag insint dúinn cé hé Íosa; iompróir lúcháir mhór don chine daonna go léir –lúcháir an Ghrá. [Lucás 2:10]

Tá patrún Iúdach ar an éadach boird freisin. Chuirfeadh a gcruinníú thart fán mbord na Trí Aingil san Íocón clúiteach den Tríonóid Naofa le Andrei Rublev san 15ú aois i gcuimhne duit. Cuirtear an Pósadh Críostaí uaireanta i gcomparáid leis an Trionóid Naofa, mar chomaoineach de ghrá slánaithe a thabhairt agus a fháil.

Díreach cosúil leis an íocón seo, tá áit ag an Teaghlach Naofa ag a mbord dúinn. Tugann siad cuireadh dúinn bheith leo. Ní aon stráinséirí do thrialacha shaol an teaghlaigh iad. Bhí siad féin ina ndídeanaigh, ag teicheadh ó fhoiréigin Héaróid. D'fhulaing siad imní mhór. Mar sin seasann na raidisí agus luibheanna searbha féile Iúdach na Cásca do dhóláis agus trialacha mhuintir Iosrael ina sclábhaíocht agus seasann siad freisin do na trialacha agus íobairtí foighne agus grá a bhfuil taithí orthu i ngach teaghlach. Tugann an t-arán gan láibhín agus an cupán fíona ar a mbord an Eocairist chun cuimhne dúinn.

Léimis anois an Soiscéal fán radharc ar chlé:

MARCUS 5: 21-24, 35-43. LEIGHEAS INÍON IARAIS

21 Ar dhul trasna do Íosa arís sa bhád go dtí an taobh eile, bhailigh slua mór ina thimpeall, agus bhí sé le hais na farraige. 22 Tháinig duine de chinn urra na sionagóige, arbh ainm dó Iaras, agus ar a fheiceáil dó, chaith sé é féin ag a chosa 23 agus rinne achainí go crua air ag rá: "Tá m'iníon bheag ar phointe an bháis. Tar agus cuir do lámha uirthi chun go mbeadh sí slán agus go mairfeadh." 24 D'imigh sé lena chois agus bhí slua mór á leanúint agus bhí siad ag plódú air. 35 Le linn dó bheith ag caint tháinig daoine ó theach cheann urra na sionagóige ag rá: "Tá d'iníon tar éis bháis; cén fáth a mbeifeá ag cur as don Mháistir níos mó?" 36 Ba chlos d'Íosa an comhrá agus dúirt le ceann urra na sionagóige: "Ná bíodh eagla ort; ach amháin creid." 37 Agus ní ligfeadh sé do dhuine ar bith dul leis ach Peadar, Séamas agus Eoin, deartháir Shéamais. 38 Ar theacht dóibh go dtí teach cheann urra na sionagóige, chonaic sé an callán agus na daoine ag gol agus ag olagón go hard. 39 Agus ar dhul isteach dó dúirt sé leo: "Cén fáth a bhfuil sibh ag déanamh calláin agus ag gol? Ní marbh atá an leanbh ach ina codladh." 40 Agus bhí siad ag fonóid faoi. Ach chuir sé amach iad uile, agus rug sé leis athair agus máthair an linbh agus iad seo a bhí leis, agus chuaigh isteach mar a raibh an leanbh ina luí. 41 Agus rug sé greim láimhe uirthi agus dúirt léi: "Talitá cúm" – focal a chiallaíonn: "A chailín bhig, deirim leat, éirigh!" 42 D'éirigh an cailín agus shiúil sí thart, (bhí sí dhá bhliain déag d'aois). Agus bhí ionadh agus alltacht orthu. 43 D'ordaigh sé go dian dóibh gan a fhios seo a bheith ag aon duine, agus dúirt leo rud le hithe a thabhairt di.

Sa sliocht seo as na Sosicéil feicimíd cuid de chomhbhá doimhin Íosa do theaghlach le leanbh breoite. Impíonn Iaras air teacht agus a lámha a leagan ar a iníon atá i mbéal báis. Sa chuid uachtarach den íocón feicimíd daoine fásta ag deanamh comharthaí ciapaithe agus clampair. Dealraíonn sé nach bhfuil éinne acu ag féachaint ar a chéile,

ach iad gaibhte suas ina gcruatan féin. Tá Íosa i ndiaidh iad go léir a chur amach as an teach. Tá an taobh istigh leagtha amach agus marcáilte dúinn leis an éadach dearg crochta.

Níl aon duine ciúin i lár an tslua chorraithe seo ach leanbh beag, gléasta in éide bán lena lámha ardaithe isn an seanchomhartha urnaí ar a dtugtar 'orans'. Is cosúil go bhfuil an leanbh ag iarraidh na daoine fásta a chur ar a suaimhneas mar a bhéadh sé ag rá "Béidh gach rud ceart go leór, tá Íosa anseo" Is féidir lenár bpáistí uaireanta muid a mhúineadh go cumhachtach fá na rudaí a bhaineann le Dia.

Sa leath íochtarach den íocón feicimíd an tuiscint mhór atá ag Íosa agus an meas atá aige ar phríobháideachas agus dlúthchaidreamh shaol ár dteaghlach. Tugann sé leis díreach tuismitheoirí an linbh agus na compánaigh ba ghoire dó, Peadar (ar chlé, leis an ghruaig chatach agus an fhéasóg), Séamus agus an deisciobal ionmhainn óigeanta Eoin (ar dheis) isteach sa seomra ina raibh an leanbh.

Le scrolla Fhocal Dé ina láimh, beireann Íosa greim láimhe ar an chailín. Tabhair fá deara an greim atá aige ar chaol a láimhe, greim mar a d'úsáidfeadh garda tarrthála chun tú a tharrtháil nó an greim a bhéadh ag luascaire ar dhuine lena choinneáil slán. Sin í an tslí chéanna a nglacann Críost Aiseirithe lámha Ádhaimh agus Éabha lena dtógáil as an Domhan Thíos agus iad a thabhairt ar ais go hiomláine na beatha.

Tá a lámha sínte amach chuig Íosa ag Iaras mar a bhéadh sé ag cur a iníon go hiomlán faoina chúram. Tá lámh amháin in áirde ag a bhean chéile, amhail is nach dtiocfadh focail chuici, an lámh eile ag breith ar a fear céile mar thaca.

Sa Soiscéal seo feicimid freisin an cúram praicticiúil atá ag Íosa nuair a deir sé leis na tuismitheoirí – 'tabhair rud le hithe di'. Aithníonn an Tiarna agus tá fíor-mheas aige ar na híobairtí agus an soláthar a thárlaíonn inár dteaghlaigh gach lá.

Agus anois dírímid ar n-áird ar an scéal a léirítear ar an taobh istigh den doras ar dheis:

J EOIN 2:1-11 AN BHAINIS AG CÁNA

An triú lá bhí pósadh i gCána sa Ghailíl agus bhí máthair Íosa ann. 2 Fuair Íosa cuireadh chun an phósta freisin, agus a dheisceabail. 3 Chuaigh den fhíon agus dúirt a mháthair le Íosa: "Níl aon fhíon acu." 4 Dúirt Íosa léi: "Cad ab áil leat díom, a bhean? Níl m'uairse tagtha fós." 5 Dúirt a mháthair leis an lucht freastail: "Déanaigí cibé ní a déarfaidh sé libh." 6 Bhí sé soithí cloiche ansiúd le haghaidh íonghlanadh de réir nós na nGiúdach; choinneoidís a dó nó a trí de mheadair an ceann. 7 Dúirt Íosa leo: "Líonaigí na soithí suas le huisce."Agus líon siad go béal iad. 8 Dúirt sé leo: "Tarraingígí as anois agus beirigí go dtí máistir na fleá é." Rug siad. 9 Nuair a bhlais máistir na fleá an t-uisce ina fhíon, agus gan a fhios aige cár tháinig sé as (bhí a fhios, áfach, ag an lucht freastail a tharraing an t-uisce) ghlaoigh an máistir ar an bhfear nuaphósta, 10 agus dúirt leis: "Cuireann gach duine an fíon maith ar an gclár ar dtús agus nuair a bhíonn siad ar meisce, an dara grád. Ach choinnigh tusa an fíon maith go dtí anois." 11 Rinne Íosa an chéad cheann sin dá chomharthaí i gCána sa Ghailíl, agus thaispeáin sé a ghlóir agus chreid a dheisceabail ann.

Cluinimid sa sliocht seo mar a tugadh cuireadh do Mháthair Íosa chuig an bhainis seo agus go bhfuair Íosa agus a chairde cuireadh freisin – shílfeá gur ghníomh flaithiúil níos déanaí é cuireadh a thabhairt do Mhac Mhuire agus da chairde. Tá an bhrídeog agus a nuachar suite ag an mbord, lena gcoróineacha bainse. Ins na hEaglaisí Ceartchreidmheacha 'corónaítear' nuachair mar chuid de dheasghnáth an phósta. Tá siad ag féachaint ar a chéile agus imní le feiceáil ar a n-aighthe. Níl fíon ar bith fágtha. Sa Sean-Tiomna cluinimid gur comhartha áthais é fíon. Tógann Dia fíon as an talamh "le háthas a chur ar an chroí daonna". Tá an lanúin seo i ndiaidh rith amach as lúcháir an ghrá. Tugann lanúin aosta sa chúlradh, b'fhéidir baill de theaghlach sínte na lanúna nua-phósta, arán agus fíon go dtí an bord ach an leor a gcúnamh?

Feiceann Muire an gá géar a bhí acu agus an baol náire dóibh. Uaireanta bíonn tuiscint níos grinne ag máithreacha fá ualaigh daoine eile. Ní féidir léi féin aon rud a dhéanamh ach téann sí chuig Íosa. Feicimíd í ina seasamh díreach in aice leis, ag síneadh lena láimh i dtreo an fhir agus a bhean chéile. Níl aon chomharthaí déanta ag Íosa go fóill. Airíonn sé nach bhfuil an t-am cuí tagtha go fóill, agus tá drogall le feiceáil ina aghaidh. Ach feiceann Muire go bhfuil riachtanas na lanúna níos tábhachtaí. Tá muinín aici gur féidir le hÍosa rud éigin a dhéanamh agus deir sí leis na searbhóntaithe "Déan cibé rud a deir sé libh".

Le scrolla de Fhocal bríomhar Dé ina láimh chlé, beannaíonn Íosa, lena láimh dheis, an t-uisce atá á dhoirteadh isteach ins na soithigh ag na searbhóntaíthe mar a d'ordaigh sé dóibh. Líontar rud a bhí leamh agus neamhbhlasta le blas agus le háthas. Agus tugann Dia le flúirse, thar gach rud a mbeadh súil ag éinne leis.

Tá cupán fíona tógtha in áirde ag an mhaor bainse atá ina shuí le comhartha molta. "Choinnigh tú an fíon is fearr go dtí anois", a deir sé. Tá an chuid is fearr connithe agat go dtí an deireadh, b'fhéidir tagairt do Eabhraigh 1:2: Labhair Dia linn tré na fáidhe "ach sna laethanta deireanacha seo labhair sé linn trína Mhac". Léirítear Íosa Críost freisin mar nuachar an phósta idir Dia agus Daonnacht. Tugann an t-arán agus an fíon ar an mbord an Eocairist chun cuimhne dúinn. Go deimhin is beannaithe iad siúd a glaoitear chuig an suipéar, féile bainse an Uain.

PAIDIR CHOISRICTHE AN ÍOCÓIN
DO CHRUINNIÚ DOMHANDA NA DTEAGHLACH 2018

A Thiarna ár nDia,
Chruthaigh tú sinn i do íomhá agus i do chosúlacht féin.
Shlánaigh tú ón bpeaca sinn
Tré Íosa Críost do Mhac
gráthóir an chine daonna.
Ag glacadh chuige féin foirm searbhónta
agus bheith maraon linn inár bhfeoil
athnuann sé gach cruthú
in íomhá do bheannacht bhunaidh.
Iarraimid ort do bheannacht a chur ar an íócón seo
tré chroitheadh uisce coisreactha
agus ungadh le h-ola beannaithe.

Beannaigh é do do ghlóir
in onóir agus i gcuimhne ar
do Mhac Ionmhainn, Íosa, ár dTiarna,
Máthar Dé agus ár máthair,
Naomh Iósaf a fear céile,
agus na hArdaingil Micheál agus Gabriel.
Go dtarraingidh an t-íocón seo sinn chuig an Teaghlach Naofa
atá ag tabhairt cuireadh chun a mboird dúinn.

Go gcabraidh sé linn machnamh ar do Shoiscéal slánaithe
agus i bhféasta bainse Chána
agus i dtógáil iníon Iarais
go bhfeicimíd d'fhéachaint comhbhá gan teorainn
ar imní an phósta agus shaol an teaghlaigh.
Go bhfaighidh siad siúd a ghuífidh roimh an íocón seo
sólas do ghrásta
agus do chuidiú i ngach riachtanas atá acu.

Iarraimíd é seo tré ghrá fial
Íosa Críost ár dTiarna. Amen